# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# FRAINCIS

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

## FRAINCIS - ARDLEIBHÉAL 2016

## SCÉIM MHARCÁLA

Agus an scéim mharcála seo á léamh agat, ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt do d'aire:

Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann roimhe, nó gur freagra malartach é. Dá bhrí sin, ní féidir freagraí atá scartha le tulslais a ghlacadh mar dhá fhreagra ar leith.

Léiríonn **fleasc -** roimh fhreagra gur freagra ar leith é an freagra, a d'fhéadfaí a mheas mar fhreagra atá neamhspleách ó aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cearnacha** [ ] ábhar a bhaineann leis an scéim mharcála atá ann mar eolas breise ar mhaithe leis na scrúdaitheoirí.

Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar a d'fhéadfadh a bheith i bhfreagra an iarrthóra, ach nach meastar é a bheith riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.

**N.B.** Níor chóir a mheas gurb iad na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála na freagraí féideartha amháin a d'fhéadfadh a bheith inghlactha. Tá freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leis na freagraí ar an scéim mharcála a foilsíodh inghlactha freisin.

D'fhéadfadh **córas pionóis** a bheith i bhfeidhm ina mbainfí marcanna i gcás ceisteanna ar leith d'fhonn an fhéidearthacht atá ag iarrthóirí gach freagra féideartha ar cheist ar leith a "liostú". I gcásanna mar sin, is féidir go ndéanfar freagra ceart a chealú mar gheall ar fhreagra breise atá mícheart.

### Socruithe Réasúnta do Scrúduithe Teastais

Maidir leo siúd ar tugadh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí dóibh, ní ghearrtar pionós i gcás earráidí litrithe agus gnéithe gramadaí ar leith, mar a míníodh ag an gcomhdháil.

I bhFraincis Ardleibhéil an Teastais Sóisearaigh, ní bhaineann an mionathrú seo le hábhar ach amháin i gcás an dá cheist i Roinn III den pháipéar mar a bhfuil 15 mharc ar fáil le haghaidh na teanga i gceist (a) agus 25 marc le haghaidh na teanga i gceist (b).

## Roinn I Cluastuiscint (140 marc)

**A (10 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An chéad chomhrá: | D | 4 mharc |
| An dara comhrá: | E | 3 mharc |
| An tríú comhrá: | A | 3 mharc |

**B (32 marc)**

**An Chéad Chainteoir:** ***<u>Laurène</u>***

*Breithlá:* 5 Feabhra 2 mharc

*An áit a gcónaíonn sí lena tuismitheoirí:*
- (ar) f(h)eirm
- (i) gceantar iargúlta
- in aice le/ lasmuigh de Poitiers 2 mharc

*Sonraí amháin faoi Poitiers:*
- (tá lár an bhaile mhóir) stairiúil
- (tá lár an bhaile mhóir) pictiúrtha/sciamhach
- tá eaglais (an-)aosta ann 2 mharc

*An post atá aici:* rúnaí/ (oibríonn sí in) oifig 2 mharc

*An dath ar ghruaig a carad, Sylvie:* rua/ fionnrua 2 mharc

*Sonraí amháin faoi phearsantacht Sylvie:*
- cainteach/ brioscghlórach
- flaithiúil 2 mharc

*Dhá rud nach maith le Sylvie:*
- ceol clasaiceach
- a bheith ag éirí go luath (ar maidin) 2+2 mharc

## An Dara Cainteoir: ***<u>Christian</u>***

| | | |
|---|---|---|
| *Aois:* | 14 | 2 mharc |
| *Líon deartháireacha:* | 2 | 2 mharc |
| *Teanga a fhoghlaimíonn sé ar scoil:* | Béarla | 2 mharc |
| *An rud is maith leis a dhéanamh sa samhradh:* | snámh | 2 mharc |
| *An áit a dtéann sé gach Satharn sa gheimhreadh:* | rinc/ scátáil (oighir)/ haca oighir | 2 mharc |
| *An t-ábhar scoile is fearr leis:* | eolaíocht | 2 mharc |
| *An fáth ar gá dó a lán staidéir a dhéanamh:* | (ba mhaith leis) freastal ar ollscoil/ coláiste | 2 mharc |
| *An aisling atá aige is:* | taisteal san Eoraip/ cuairt a thabhairt ar an Eoraip/ dul chun na hEorpa (go ceann roinnt blianta) | 2 mharc |

**C (32 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | siopa búistéara | 3 mharc |
| | **(b)** | (glac) an dara (sráid) ar chlé, i ndiaidh oifig an phoist<br>[(glac) an dara (sráid) ar chlé = 2 mharc]<br>[i ndiaidh oifig an phoist = 1 mharc] | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | jíons/ bríste géine | 3 mharc |
| | **(b)** | - tá barraíocht éadaí/ cuid mhór éadaí (aige)<br>- tá (a) vardrús lán | 5 mharc |
| **3.** | **(a)** | Dé Céadaoin | 1 mharc |
| | **(b)** | BAUDRY<br>[4 nó 5 litir ceart = 2 mharc]<br>[1 go dtí 3 litir ceart = 1 mharc] | 3 mharc |
| **4.** | **(a)** | coinín | 3 mharc |
| | **(b)** | seachtain (amháin) / seacht lá | 3 mharc |
| **5.** | **(a)** | na cóipleabhair/ leabhair na gceachtanna/ an obair bhaile a bhailiú/ a fháil | 3 mharc |
| | **(b)** | na páipéir a chur sa bhosca bruscair/ na páipéir a thógáil | 5 mharc |

**D (32 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | (chuig an) aerfort | 3 mharc |
| | **(b)** | meán lae/ 12 a chlog/ nóin/ 12 (p.m.)<br>[12 a.m. = 0] | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | **(i)** - Tá sé/ Christophe níos sine (ná Bruno)<br>- Tá sé/ Bruno níos óige (ná Christophe) | 3 mharc |
| | | **(ii)** Tá cónaí air/ ar Christophe in iarthar (na Fraince)/ i bhfad ar shiúl | 3 mharc |
| | **(b)** | - (le haghaidh) breithlá/ cóisir a s(h)eanmháthar<br>- thug (a) s(h)eanmháthair cuireadh dó/ don teaghlach (chuig cóisir) | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | Beidh Christophe tuirseach (i ndiaidh an turais/ na heitilte) | 3 marc |
| | **(b)** | **53. 42. 66.** | 3 mharc |
| **4.** | **(a)** | - (dul chuig) an trá<br>- (dul chuig) an amharclann | 3+3 mharc |
| | **(b)** | (buidéal) cumhráin | 5 mharc |

## E (34 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | 4,000/ Ceithre mhíle | 5 mharc |
| | **(b)** | bán | 3 mharc |
| **2.** | **(a)** | crann | 3 mharc |
| | **(b)** | tugadh (an) tiománaí chuig an ospidéal/<br>tá (an) tiománaí san ospidéal | 3 mharc |
| **3.** | **(a)** | (an) caisleán | 3 mharc |
| | **(b)** | tinte ealaíne | 5 mharc |
| **4.** | **(a)** | rugbaí | 3 mharc |
| | **(b)** | An Ghearmáin | 3 mharc |
| **5.** | **(i)** | scamallach | 3 mharc |
| | **(ii)** | te | 3 mharc |

**ROINN II LÉAMHTHUISCINT (100 Marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | C | 2 mharc |
| | **(b)** | B | 2 mharc |
| **2.** | **(a)** | uachtar | 2 mharc |
| | **(b)** | iad a ní/ a ghlanadh (in uisce fuar) | 2 mharc |
| | **(c)** | 20 nóiméad | 2 mharc |
| **3.** | **(a)** | luchóga/ hamstair/ muca guine | 2 mharc |
| | **(b)** | an cás na cásanna a oscailt | 2 mharc |
| | **(c)** | tá súile ollmhóra aige | 2 mharc |
| **4.** | **(a)** | Festival des Jeux | 2 mharc |
| | **(b)** | Carnaval de Paris | 2 mharc |
| | **(c)** | Fête de l'Agriculture | 2 mharc |
| | **(d)** | Fête des Lumières | 2 mharc |

**5.** **(a)** (tiúb) taos fiacla 2 mharc

**(b)** (ar) c(h)athaoir a mháthar/ (ar) c(h)athaoir 2 mharc

[réamhfhocal mícheart, m.sh. faoi chathaoir = 0 marc]

**(c)** bhí sé ag cur sneachta (an oíche ar fad)/ bhí sé/ gach rud bán taobh amuigh
2 mharc

**(d)** Túr Eiffel a dhíol le Meiriceá/ le Stáit Aontaithe Mheiriceá (ar $30 milliún)
2 mharc

[Túr Eiffel a dhíol = 1 mharc]

**6.** **(a)** dul a luí go luath 2 mharc

**(b)** do mhála/ do chuid éadaí a ullmhú sula dtéann tú a luí/ an oíche roimhe
2 mharc

**(c)** bíonn tú mall (don chéad rang) 2 mharc

**(d)** (an deis a ghlacadh) cairde (nua) a dhéanamh (le linn an tsosa) 2 mharc

**7.** **(a)** 1.30 (a.m.)/ leath i ndiaidh a haon (ar maidin) 3 mharc

[1.30 p.m. = 0 marc]

**(b)** ag amharc (go ciúin) ar an teilifís 3 mharc

**(c)** (tríd) an fhuinneog 3 mharc

**(d)** bhí sé faoi ghlas/ chuir siad/ na gadaithe faoi ghlas sa siléar/ san íoslach é
3 mharc

**(e)** níor aimsigh/ thóg siad/ na gadaithe (a/an) seodra 3 mharc

**(f)** chonaic siad solas/ soilse ar urlár na talún/ thíos staighre 3 mharc

[chonaic siad solas/ soilse = 2 mharc]

**8.** **(a)** - (tá sí) cíocrach/ (ní féidir léi diúltú don) seacláid

- caitheann sí (tobac) 3 mharc

**(b)** (a) (a) deirfiúr mhór/ níos sine 3 mharc

[(a) deirfiúr = 2 mharc]

[(a) deirfiúr níos óige = 0 marc]

**(c)** ag folúsghlantóireacht 3 mharc

**(d)** - (tá sí) bródúil as

- tá súil (aici) go mbeidh dúil ag cailíní a haoise féin ann 3 mharc

[Má tá "daoine" in ionad "cailíní", bronn 1 mharc]

[Má tá "buachaillí" in ionad "cailíní", bronn 0 marc]

**(e)** bhí sí ábalta canadh 3 mharc

**(f)** turais bháid/ bádóireacht (ar na lochanna) 3 mharc

**9.** **(a)** **(i)** Meicneoir 3 mharc

**(ii)** Oibrí monarchan 3 mharc

**(b)** dhá uair/ faoi dhó sa lá 3 mharc

**(c)** - ag caitheamh ama in/ ag dul chuig clubanna (oíche)/ dioscónna le cairde

- post (ócáideach/ páirtaimseartha) (a bheith aige) 3+3 mharc

**(d)** - (ní raibh) aon ardaitheoir ann

- bhíodh (an) téamh briste (i gcónaí) 3 mharc

**(e)** - ag iascaireacht

- ag campáil/ ag tógáil pubaill (in aice le habhainn) 3 mharc

**(f)** (ag caitheamh) crios buí 3 mharc

## Roinn III Scríobh na Teanga (80 marc)

**(a)** ***An Cárta Poist***

Cumarsáid = 15 mharc
Teanga = 15 mharc
Iomlán = 30 marc

Ní mór don iarrthóir déileáil le trí phointe. Ba chóir creidiúint a thabhairt as gach pointe a luaithe is a fheictear sa fhreagra é trí "POINTE" a chur isteach san imeall clé. Ansin deimhnítear an marc a bhronntar faoin dá cheannteideal – cumarsáid agus teanga – trí thagairt don ghreille mharcála thíos.

**(Tabhair do d'aire na mionathruithe ar an measúnú teanga i gcás scripteanna R.A.C.E., mar atá luaite cheana féin ag tús na scéime marcála seo.)**

**…………………………………………………………………………………………………**

**(b)** ***An Litir Neamhfhoirmiúil***

Miondealaítear na marcanna don litir mar seo a leanas:

Formáid = 5 mharc
Cumarsáid = 20 marc
Teanga = 25 marc
Iomlán = 50 marc

**Leagan amach don litir neamhfhoirmiúil:**

Deimhnítear na cúig mharc do leagan amach na litreach mar seo a leanas:

- Ní mór *áit* agus *dáta* a bheith ar an líne chéanna sa chúinne ar dheis ag barr na litreach.
- *Ní mór an áit a bheith sa Fhrainc*, e.g. is úsáid cheart é "Rennes, le 15 avril" .
- *Beannacht:* Ní mór an t-ainm "**Annette**" a úsáid. Seachas an ghnáthbheannacht "Chère Annette", tá "salut" agus "bonjour" inghlactha freisin.
- *Deireadh na litreach:* Is leor aon cheann de na foirmlí a nglactar leo de ghnáth, e.g. "amitiés", "amicalement", "à bientôt", etc. mar aon leis an ainm, ach ní mór an litriú a bheith **iomlán** ceart. **Má thugtar níos mó ná deireadh amháin, bronn marcanna as an gceann deireanach amháin.**

**Marcáil an Leagan Amach:**

| | | |
|---|---|---|
| áit / seoladh | = 1 | |
| le + figiúr | = 1 | [féadfar an figiúr a scríobh mar fhocal, ach ní mór an litriú a bheith ceart, e.g. "le quinze avril" nó "le 15 avril"] |
| mí | = 1 | |
| beannacht | = 1 | |
| deireadh | = 1 | |

**Cumarsáid:**

Ní mór déileáil le cúig phointe anseo. De réir mar a fheictear gach pointe, ba chóir é a mharcáil mar "POINTE" san imeall clé.

**N.B. Sa litir agus sa chárta poist araon, ní cóir pointe a dhícheadú ach amháin mura ndéantar *aon tagairt ar chor ar bith* don phointe nó má tá aon tagairt a dhéantar *dothuigthe ar fad.***

Ba chóir cáilíocht agus leorgacht na cumarsáide sa litir a mheasúnú de réir na greille marcála thíos.

**Teanga:**

Déan measúnú ar an gcaoi a n-úsáidtear an stór focal, an litriú, aimsirí na mbriathra, forainmneacha, na réamhfhocal, aontú na n-aidiachtaí, úsáid struchtúr diúltach, etc. de réir na greille marcála thíos.

**(Tabhair do d'aire na mionathruithe ar mheasúnú na teanga i gcás scripteanna R.A.C.E., mar atá luaite cheana féin ag tús na scéime marcála seo.)**

## GREILLE MHARCÁLA

| Marcanna do (a)<br>Cárta Poist | *Cumarsáid* | Marcanna do (b)<br>Litir |
|---|---|---|
| 11 go dtí 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Ábhar sothuigthe go héasca ag Francach aonteangach<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith bainte as an gcuid is mó den ábhar spreagthach nó as an ábhar spreagthach go léir (i.e. pointí)<br>• Meas ar shainréim cheart na teanga | 14 go dtí 20 marc |
| 6 go dtí 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Ábhar beagáinín intuigthe nó réasúnta intuigthe ag Francach aonteangach<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean nó úsáid leordhóthanach bainte as an gcuid is mó den ábhar spreagthach nó as an ábhar spreagthach go léir | 8 to 13 mharc |
| 0 go dtí 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• Ábhar dothuigthe nó intuigthe ar éigean ag Francach aonteangach<br>• Gan úsáid nó gan ach beagán úsáide bainte as an ábhar spreagthach | 0 go dtí 7 marc |
| **Marcanna do (a)<br>Cárta Poist** | ***Teanga*** | **Marcanna do (b)<br>Litir** |
| 11 go dtí 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Stór focal maith nó saibhir in úsáid, nathanna dúchasacha Fraincise san áireamh, b'fhéidir<br>• Gan mórán earráidí sna briathra – aimsirí, aontuithe, etc.<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith bainte as gnéithe eile, e.g. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, an diúltach<br>• An litriú ceart den chuid is mó | 18 go dtí 25 marc |
| 6 go dtí 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Stór focal leordhóthanach ar éigean nó leordhóthanach<br>• Na briathra mícheart de ghnáth nó mícheart corruair<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean bainte as na gnéithe gramadaí eile mar atá liostaithe thuas | 10 go dtí 17 marc |
| 0 go dtí 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• An drochúsáid nó drochúsáid bainte as an stór focal<br>• Na briathra go léir nó an chuid is mó de na briathra mícheart<br>• Gan úsáid cheart nó gan ach beagán úsáid cheart bainte as na gnéithe gramadaí eile mar atá liostaithe thuas | 0 go dtí 9 marc |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 320 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |